Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1985

6.3.2024

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2024/1985)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Caciottone di Norcia'**

**Uimh. AE: PGI-IT-02807 – 19.10.2021**

1. **Ainm(neacha) TGFC**

'Caciottone di Norcia'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.3. Cáiseanna

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Bíonn cruth sorcóireach ar TGFC 'Caciottone di Norcia', le haghaidheanna cruinne agus cúl díreach. I dtéarmaí méide, tá an trastomhas 20-22 cm agus airde an chúil 9-11 cm. Meánn sé 3.2 kg (± 12 %).

Déantar TGFC 'Caciottone di Norcia' as bainne paistéartha bó agus caorach. Is é gné shaintréitheach na cáise gurb é cóimheas an bhainne bó 90-95 % agus cóimheas an bhainne caorach 5-10 %.

Tá blas cumhra agus aramatach ar TGFC 'Caciottone di Norcia' agus iarbhlas saintréitheach uachtair. Maidir leis an mboladh, is iad bainne, bainne téite agus/nó im leáite na dea-bholaithe/bolaithe atá ann.

I dtéarmaí na cuma atá air, tá an craiceann tanaí, mín agus nite agus dath air atá idir buí amhail tuí agus buí ócair ag brath ar an leibhéal aibithe. Tá an taos bog agus cosúil le him, agus éiríonn sé níos teinne níos gaire don chraiceann. Agus é slisnithe, tá dath idir bán agus dath na tuí air, le súile beaga agus é gearrtha.

Chun go mbeifear in ann an táirge a shainaithint ar an margadh, sonraíodh na saintréithe fisiciceimiceacha (ar bhonn ábhar tirim) seo a leanas:

An t-íoschion próitéine: 37.00 g in aghaidh 100 g (ábhar tirim)

An t-íoschion saille: 46.00 g in aghaidh 100 g (ábhar tirim)

An t-íoschion clóiríde sóidiam: 2.10 g in aghaidh 100 g (ábhar tirim)

An t-íoschion taise, ag brath ar an gcineál aibithe:

Aibiú *dolce* (séimh), idir 20 agus 60 lá, 31 %

Aibiú *medio* (meánach), idir 61 agus 120 lá, 23 %

Aibiú *riserva* (cúltaca), idir 121 agus 365 lá, 21 %.

Féadfar 'Caciottone di Norcia' a dhíol ina iomláine nó ina sciartha.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Ní bhíonn aon chuid den bheatha faoi réir coinníollacha cáilíochta atá difriúil uathu siúd faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Déantar cáis TGFC 'Caciottone di Norcia' as meascán de bhainne bó (90-95 %) agus bainne caorach (5-10 %).

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad seo a leanas na céimeanna sa táirgeadh le haghaidh TGFC 'Caciottone di Norcia': stóráil bainne; paistéaradh; téachtadh; briseadh suas na ngruthanna; foirmiú agus cóireáil teasa; sailleadh; agus aibiú.

Ní mór gach céim, ó phróiseáil na n-amhábhar go dtí an táirgeadh - lena n-áirítear aibiú - a tharlú sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a thaispeáint go soiléir agus go soléite ar gach cáis nó gach cuid phacáistithe di:

an t-ainm 'Caciottone di Norcia IGP' (TGFC Caciottone di Norcia), in aon chló, fad atá sé níos mó ná aon rud eile atá priontáilte ar an bpacáistíocht;

agus na focail: 'Caciottone di Norcia IGP' (TGFC Caciottone di Norcia), lena gcruthaítear an lógó, leis an réamhfhocal 'di' curtha isteach i gciorcal scáthaithe. Tá feidhm ag na sonraíochtaí priontála seo a leanas ionas go mbeidh sé éasca a aithint don tomhaltóir:

cineál cló: Souvenir Medium Demi;

An dath Pantone atá le húsáid sa lógó: Reflex Blue.

CACIOTTONE di NORCIA IGP

Mar sin féin, is féidir an lógó a úsáid i liathscála nó i ndubh agus bán.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá teorainneacha daonáirimh agus riaracháin bhardais Norcia, Cascia, Monteleone di Spoleto, Preci agus Poggiodomo sa limistéar táirgthe le haghaidh cáiseanna TGFC 'Caciottone di Norcia', agus iad uile mar chuid de limistéar Valnerina i gcúige Perugia.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá saintréithe clú, moirfeolaíocha agus orgánaileipteacha ag cáis TGFC 'Caciottone di Norcia' atá oibiachtúil agus inléirithe gan aon agó agus déanann siad í a idirdhealú go suntasach ó cháiseanna eile sa chatagóir táirge chéanna.

Úsáideadh cumaisc bhainne chun cáis a dhéanamh in Valnerina roimh lár an 20ú céad fiú, go príomha mar gheall ar na dálaí díothachta a bhí tipiciúil de shaol na tuaithe sa limistéar an tráth sin.

Bhí an próiseas táirgthe le haghaidh 'Caciottone di Norcia' tairbhiúil freisin i dtéarmaí seilfré i bhfad níos faide a bhuí le bainne caorach a chur leis. Níor cheart gannmheas a dhéanamh ar an mbuntáiste sin, go háirithe san am atá caite nuair ba thráchtearra gann é salann agus ní raibh cuisneoirí ag daoine. Mar cháis a dhéantar as cumaisc bhainne, bhí 'Caciottone di Norcia' comhchosúil, i dtéarmaí a blastachta agus a saintréithe éadroma, le cáis Caciotta a dhéantar as bainne bó, rud a chuireann lena rathúlacht agus leis an tóir atá uirthi i measc tomhaltóirí ó thús an chéid seo caite. Le himeacht na mblianta, tháinig méadú nach beag ar chlú 'Caciottone di Norcia', go dtí an pointe go bhfuil an táirge sin comhchiallach anois leis an limistéar táirgthe.

Ar chúiseanna caomhnaithe, go traidisiúnta bhíodh trastomhais agus méideanna cúil níos lú ag rothaí cáise arna ndéanamh as bainne bó. Chun na dea-bholaithe a chaomhnú, níor mhór iad a ithe go tapa. Ar an taobh eile, bhí ‘Caciottone di Norcia’, níos mó. Ós rud é go ndéantaí í as cumaisc bhainne, ní hamháin gur cuireadh feabhas ar an mblas, nach raibh leath chomh láidir is atá cáis a dhéantar as bainne caorach amháin, ach d’fhág sé sin freisin gurbh fhéidir méid na gcáiseanna a mhéadú, mar ní raibh aon fhadhb ann maidir le caomhnú agus aibiú. Tá táirgeadh ‘Caciottone di Norcia’ mar speisialtacht na gcáiseoirí sna sléibhte Norcia ó thús an tsaoil. Tá cúis shonrach stairiúil leis an rogha sin a rinne muintir na háite.

Mar gheall ar thréadaíocht imirceach caorach i dtreo ghleannta Umbria agus Lazio le linn mhíonna an gheimhridh, ba léir go raibh ganntanas bainne caorach ann le linn an tséasúir sin. Le linn na dtréimhsí sin, go háirithe sna limistéir is imeallaí amhail Castelluccio, níor fhan ach líon beag caorach sna seideanna. Coinníodh iad le haghaidh a gcuid feola agus a gcuid bainne, chun teaghlaigh a bheathú le linn mhíonna diana an gheimhridh. Le linn na míonna sin, rinneadh cáis mheasctha trí bhainne bó ilchothaitheach a chumasc le bainne caorach.

Go bunúsach, cuimsítear le ‘Caciottone di Norcia’ na fiúntais a bhainfeadh leis an dá chineál cáise, cáilíocht atá bunaithe i ndearcthaí tomhaltóirí lasmuigh den réigiún. Tá roinnt mhaith fianaisí díreacha ann maidir le horduithe minice agus onnmhairí ó Norcia chuig an limistéar timpeall na Róimhe, arna n-eagrú ag roinnt mhaith trádálaithe lonnaithe in Lazio ón tréimhse iarchogaidh ar aghaidh.

Deimhnítear é sin le taighde a rinneadh ar na cartlanna, amhail na taifid fhótagrafacha de Mostra Mercato del Tartufo Nero e dei Prodotti della Montagna [Aonach an Strufail Dhuibh agus Táirgí Sléibhe] cáiliúil atá ar siúl in Norcia ó bhí na 1950í déanacha ann, ina mbíonn ‘Caciottone di Norcia’ ann i gcónaí i measc na dtáirgí ar taispeáint.

Tá taifid fhótagrafacha freisin ó na 1970í agus na 1980í lena léirítear an t-ardú ar chlú ‘Caciottone di Norcia’, go háirithe cuid acu a tógadh ó eagrán den aonach a reáchtáladh go luath sna 1980í inar féidir ‘Caciottone’ a fheiceáil. Léirítear i ngrianghraf ón tréimhse chéanna seastán ar a bhfuil an liosta táirge agus na praghsanna faoi seach, agus tá an focal ‘*caciottoni*’ le feiceáil. Tá grianghraf ann den seastán arna reáchtáil ag an gcomharchumann cáiseoireachta ó na 1970í lena léirítear go soiléir rothaí ‘Caciottoni di Norcia’ ar a bhfuil lógó tipiciúil ‘Caciottone di Norcia’.

Mar sin féin, is ó na 1950í ar aghaidh a d’éirigh cumasc na gcineálacha difriúla bainne (bainne caorach agus bainne bó) aitheanta i measc an phobail i gcoitinne - agus ní hamháin i measc tomhaltóirí Iodálacha - de réir a chéile, rinneadh teicníc chaighdeánach de chun cáis ‘Caciottone di Norcia’ a tháirgeadh.

Is féidir an chéad tagairt oibiachtúil don nasc a fheiceáil in alt ag Annalisa Zordan a d’fhoilsigh *Gambero Rosso,* ina luaitear ‘Caciottone di Norcia’. San alt sin, cuireadh chun cinn Craobhchomórtas an Mháistircháiseora arna eagrú ag scoil cócaireachta Università dei Sapori in Perugia a cuireadh ar siúl in Vallo di Nera (PG) i mí an Mheithimh 2012 mar chuid d’imeacht Fior di Cacio.

Foinse: Zordan A., *Gambero Rosso,* ‘Mastro Formaggiaio: la caciotta tagliata ad arte’ [Máistircháiseoir: scil i gcáis *caciotta* a shlisniú].

Mar fhianaise bhreise ar an nasc leis an limistéar geografach, dhéanfaimis tagairt freisin don chúrsa forbartha gairmiúla ‘L’Orologio dei Formaggi’ [Clár cáise cruinn] arna eagrú ag an lárionad oiliúna agus cultúir bia agus fáilteachais de Università dei Sapori in 2010, a bhí dírithe ar theicnící maidir le cáis agus fíon, táirgí inleata, torthaí agus arán a phéireáil. Áiríodh ‘Caciottone di Norcia’ i dteannta cáiseanna Iodálacha mór le rá eile amhail ATFC ‘Asiago’, ATFC ‘Taleggio’, ATFC ‘Raschera’ agus eile sa tuairisc ar an gcúrsa.

Foinse: Università dei Sapori, 2010, cúrsa forbartha gairmiúla ‘L’Orologio dei Formaggi’

Tá an t-ainmniúchán chomh seanbhunaithe sin go raibh tionscnamh ag ceann de na miondíoltóirí Iodálacha is mó chun tacú le baile Norcia tar éis na creatha talún is déanaí in 2016. Áiríodh sa phreaseisiúint tagairt do ‘Caciottone di Norcia’ mar cheann de na táirgí is clúití ón limistéar agus go raibh cosaint de dhíth air.

Foinse: ASPIAG SERVICE S.r.l., lamháltóir de bhranda Despar in Triveneto, Emilia-Romagna agus an Lombaird, 2017, preaseisiúint ‘Despar Teatro Italia: Billi Brass Quintet in concerto, per ricordare il terremoto che ha colpito Norcia un anno fa’ [Amharclann Despar na hIodáile: Ceolchoirm Chúigréad Billi Brass, i gcuimhne na creatha talún a bhuail Norcia bliain ó shin], An Roinn Cumarsáide agus Preasa, 27 Deireadh Fómhair 2017.

Is deimhniúchán tábhachtach eile den nasc leis an limistéar geografach é an tagairt a rinneadh do TGFC 'Caciottone di Norcia' in *InForma*, an tréimhseachán cruachóipe agus ar líne ina bhfuil faisnéis theicniúil agus speisialaithe ghastranómach/chultúrtha le haghaidh earnáil na cáise, á mbainistiú ag ONAF. Is í ONAF, i.e. an 'Eagraíocht Náisiúnta Blastóirí Cáise' a bunaíodh trí thionscnamh de Chomhlachas Tráchtála, Tionscail, Ceardaíochta agus Talmhaíochta Cuneo an eagraíocht is tábhachtaí agus is údarásaí in earnáil na cáise. Díríonn ONAF go príomha ar chúrsaí le haghaidh blastóirí agus máistirbhlastóirí a sholáthar. Tá na cúrsaí sin á reáchtáil ó bhí 1991 ann, agus is é is aidhm dóibh próifíl chultúr na cáiseoireachta agus táirgí déiríochta a chur chun cinn, a scaipeadh, a leathnú agus a ardú.

Foinse: Baccarelli C. 2020, *InForma* sainirisleabhar, 'Cacciottone Norcia', leathanach 47, eagrán Uimh. 34, mí na Nollag 2020.

Is féidir deimhniú eile a fháil i bpreaseisiúint ó 2016 ó AGI, ceann de na gníomhaireachtaí preasa is údarásaí san Iodáil.

Laistigh de chúpla lá ón gcrith talún a taifeadadh i limistéar Valnerina i mí Dheireadh Fómhair 2016, d'fhoilsigh AGI alt dar teideal 'Terremoto: dalle lenticchie al ciauscolo, il patrimonio minacciato' [Crith talún: ó lintilí go *ciauscolo* (cineál salámaí), oidhreacht i mbaol]. Liostaítear san alt na táirgí is tábhachtaí sa limistéar, lena n-áirítear TGFC 'Caciottone di Norcia' TGFC, mar oidhreacht agraibhia atá le caomhnú. Déantar tagairt dó agus aithnítear é san alt sin mar *patrimonio culturale del Paese, oltre che economico ed occupazionale* [cuid d'oidhreacht chultúrtha, eacnamaíoch agus fostaíochta na tíre].

Foinse: AGI-Agenzia Giornalistica Italia S.p.A. 2016 'Terremoto: dalle lenticchie al ciauscolo, il patrimonio minacciato', alt a foilsíodh an 2 Samhain 2016.

Déantar tuilleadh cruthúnas oibiachtúil maidir leis an gclú agus an nasc leis an limistéar geografach a dhoiciméadú san fhoilseachán *L'Umbria dei Formaggi*, staidéar ar cháiseoireacht i réigiún Umbria lena n-áirítear treoir ar na cáiseanna is tábhachtaí. Dírítear i roinn amháin den imleabhar sin ar 'Caciottone di Norcia'.

Foinse: Promocamera - gníomhaireacht speisialta de Chomhlachas Tráchtála Perugia (eag.), *L'Umbria dei Formaggi* eag. 2022, leathanach 42, 'Caciottone Norcia'.

Tá foinse le déanaí, ina léirítear an nasc leis an limistéar geografach, le fáil sa tionscnamh 'L'Italia Buona' de chuid ISTAT (Institiúid Náisiúnta Staidrimh na hIodáile), mar chuid den 7ú Daonáireamh Talmhaíochta Ginearálta. I gcomórtas 'L'Italia Buona' léiríodh gabháltais agrathurasóireachta na hIodáile a sheasann amach mar gheall ar a 'rogha amhábhar in ullmhúchán bia' mar 'tréith idirdhealaitheach a chomhcheanglaíonn feabhas agus cáilíocht na suaithinseachta'. Bailíodh na hoidis a cháiligh le haghaidh chéim an bhabhta ceannais i leabhar oidis a d'fhoilsigh ISTAT agus, i gcomhréir le rialacha an chomórtais, luadh na hamhábhair agus na comhábhair freisin. Bhí mias nua darb ainm 'Sua Maestà l'Uovo croccante con Tartufo' [An Rí, an Ubh Bhrioscánach le Strufal] ar cheann de na hoidis sa bhabhta ceannais. Luadh 'Caciottone di Norcia' go soiléir mar chomhábhar ar an gcárta oidis.

Foinse: An 7ú Daonáireamh Talmhaíochta Ginearálta, 2022, comórtas 'L'Italia Buona', oideas 'Sua Maestà l'Uovo croccante con Tartufo' [An Rí, an Ubh Bhrioscánach le Strufal].

Ar deireadh, ciallaíonn na tosca moirfeolaíocha agus orgánaileipteacha go n-aithníonn tomhaltóirí an táirge. Cuidíonn tosca áirithe, amhail na teicnící ceardaíochta cáiseoireachta, lena saintréithe a thabhairt do TGFC 'Caciottone di Norcia':

— an fíoras go n-úsáidtear cumasc 90-95 % de bhainne bó agus 5-10 % de bhainne caorach go traidisiúnta. Cuireadh an bainne caorach leis go traidisiúnta chun méid na cáise a mhéadú agus síneadh a chur lena seilfré fad a coinníodh a húire shaintréitheach, ach chun blas níos sainiúla ná blas na cáise a dhéantar go heisiach as bainne bó a thabhairt freisin;

— tá an taos bog agus cosúil le him, agus éiríonn sé níos teinne níos gaire don chraiceann. Baineann uigeacht thipiciúil an taois leis an leaisteachas a fhaigheann na gruthanna le linn na céime ina ndéantar iad a oibriú sa dabhach, go háirithe trí na hathróga ama agus teochta a choigeartú;

— agus é slisnithe, tá dath idir bán agus dath na tuí air, le súile beaga agus é gearrtha. Tá an tsaintréith seo de TGFC 'Caciottone di Norcia' mar atá mar gheall ar mhéid na ngruthanna (inchomparáide le heithní arbhair), agus struchtúr pheillicín na ngráinníní, lena gcuidítear an cion díreach ceart taise a thabhairt don cháis de réir an mhodha cáiseoireachta thraidisiúnta.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335